Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15637/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0403(NLE)**

**POLCOM 278**
**FDI 32**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Samhain 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 708 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste CETA a bunaíodh faoin gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh i dtaca le léirmhíniú Airteagal 8.10, Iarscríbhinn 8-A, Airteagal 8.9.1 agus Airteagal 8.39.3 de CETA i gcomhréir le hAirteagal 26.1.5(e) de CETA |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 708 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 708 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.11.2023
COM(2023) 708 final

2023/0403 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste CETA a bunaíodh faoin gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh i dtaca le léirmhíniú Airteagal 8.10, Iarscríbhinn 8-A, Airteagal 8.9.1 agus Airteagal 8.39.3 de CETA i gcomhréir le hAirteagal 26.1.5(e) de CETA**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bunaíodh faoin gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, i dtaca leis an gcinneadh atá beartaithe a ghlacadh maidir le léirmhíniú Airteagal 8.10, Iarscríbhinn 8-A, Airteagal 8.9.1 agus Airteagal 8.39.3 i gcomhréir le hAirteagal 26.1.5(e).

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile

Is é is aidhm do CETA an trádáil agus an infheistíocht a léirscaoileadh agus a éascú, agus caidreamh eacnamaíoch níos dlúithe idir an Aontas Eorpach agus Ceanada (na Páirtithe) a chur chun cinn. Síníodh CETA an 30 Deireadh Fómhair 2016 agus tá sé á chur i bhfeidhm go sealadach ó bhí an 21 Meán Fómhair 2017 ann.

### 2.2. Comhchoiste CETA

Bunaítear Comhchoiste CETA faoi Airteagal 26.1 de Chomhaontú CETA. Tá Coiste Comhpháirteach CETA freagrach as gach ceist maidir le trádáil agus infheistíocht idir na Páirtithe agus as cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Féadfaidh Páirtí aon saincheist a bhaineann le cur chun feidhme agus léiriú an Chomhaontaithe seo, nó aon saincheist eile a bhaineann le trádáil agus infheistíocht idir na Páirtithe, a tharchur chuig Coiste Comhpháirteach CETA.

I gcomhréir le hAirteagal 26.1.5(e) den Chomhaontú, féadfaidh Comhchoiste CETA cinntí a ghlacadh maidir le léirmhíniú fhorálacha an Chomhaontaithe seo, a bheidh ina gceangal ar bhinsí arna mbunú faoi Roinn F de Chaibidil a hOcht (Díospóidí infheistíochta idir infheisteoirí agus stáit a réiteach) agus Caibidil a Fiche a Naoi (Réiteach Díospóidí).

I gcomhréir le Riail 10.2 de Rialacha Nós Imeachta Chomhchoiste CETA agus na gCoistí Speisialaithe,[1] sa tréimhse idir cruinnithe, féadfaidh Comhchoiste CETA cinntí nó moltaí a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn má chinneann na Páirtithe sa Chomhaontú amhlaidh de chomhthoil. Chun na críche sin, scaipfear téacs an togra i scríbhinn ó na comhchathaoirligh ar chomhaltaí Chomhchoiste CETA de bhun Riail 7, agus beidh teorainn ama ann faoina gcuirfidh comhaltaí aon ábhair imní nó leasuithe is mian leo a dhéanamh in iúl. Cuirfear tograí glactha in iúl de bhun Riail 7 a luaithe a bheidh an teorainn ama caite agus taifeadta i miontuairiscí an chéad chruinnithe eile.

### 2.3. An gníomh ó Chomhchoiste CETA atá beartaithe

Glacfaidh Comhchoiste CETA cinneadh maidir le léirmhíniú Airteagal 8.10, Iarscríbhinn 8-A, Airteagal 8.9(1) agus Airteagal 8.39(3) de CETA ('an gníomh atá beartaithe').

[1] Rialacha Nós Imeachta Chomhchoiste CETA, Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 001/2018 ó Chomhchoiste CETA an 26 Meán Fómhair 2018 lena nglactar a Rialacha Nós Imeachta agus na Coistí Speisialaithe (IO L 190, 27.7.2018, lch. 19), ar fáil eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=OJ:L:2018:190:FULL

Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe soiléiriú breise a thabhairt go háirithe maidir leis na caighdeáin a bhaineann le 'cóir chothrom agus chomhionann' agus 'díshealbhú indíreach', chomh maith le hAirteagal 8.9(1) agus Airteagal 8.39(3) de CETA.

Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na Páirtithe de bhun Airteagal 2 den Chomhaontú.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Baineann an gníomh atá beartaithe leis na forálacha maidir le cóir chothrom agus chomhionann agus díshealbhú indíreach atá imscríofa cheana féin in CETA agus i Roinn 6 d'Ionstraim Léirmhínitheach Chomhpháirteach CETA. Is é is aidhm don ghníomh atá beartaithe soiléiriú breise a thabhairt ar an gcaoi ar cheart na caighdeáin sin a thuiscint, i bhfianaise na staide reatha agus na héigeandála aeráide go háirithe. Bhain an gníomh atá beartaithe freisin le hAirteagal 8.9.1. agus le hAirteagal 8.39.3 de CETA. Soiléireofar leis an ngníomh atá beartaithe na forálacha de réir rún na bPáirtithe, gan CETA a leasú.

Luíonn an seasamh atá beartaithe le beartais, rialacha nó tionscnaimh eile de chuid an Aontais.

Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste CETA a leagan síos chun a áirithiú go gcuirfear an Comhaontú chun feidhme go héifeachtach.

## 4. AN BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí nós imeachta

#### *4.1.1. Na prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunófar '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Áirítear ar na '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear leis freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach '*a d'fhéadfadh tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh*'[2].

#### *4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é Comhchoiste CETA a cuireadh ar bun le comhaontú, mar atá CETA.

Is gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis é an gníomh a iarrtar ar Chomhchoiste CETA a ghlacadh. Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na Páirtithe faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 26.3.2 den Chomhaontú agus ar na binsí a bhunaítear faoi Roinn F de Chaibidil a hOcht (Díospóidí infheistíochta idir infheisteoirí agus stáit a réiteach) agus Caibidil a Fiche a Naoi (Réiteach Díospóidí) faoi Airteagal 26.1.5(e) den Chomhaontú..

Leis an ngníomh atá beartaithe, ní fhorlíonfar ná ní leasófar creat institiúideach an Chomhaontaithe.

[2] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE bunús dlí nós imeachta an chinnidh atá beartaithe.

## 4.2. Bunús dlí substainteach

### *4.2.1. Na prionsabail*

Braitheann an bunús dlí substainteach do chinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe ar ina leith atáthar ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh- chomhpháirt agus an ceann eile a shainaithint mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh- chomhpháirte.

### *4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas tráchtála.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 207 CFAE an bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe.

## 4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 207 CFAE a bheith ina bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go soiléireofar forálacha áirithe den Chomhaontú le gníomh Chomhchoiste CETA, is iomchuí é a ghlacadh i ngach teanga bharántúil den Chomhaontú[3] agus é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

[3] De bhun Airteagal 30.11 (Téacsanna barántúla) den Chomhaontú, tá an Comhaontú seo tarraingthe suas i ndúblach sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris, agus tá gach ceann de na leaganacha sin chomh barántúil lena chéile.

2023/0403 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste CETA a bunaíodh faoin gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh i dtaca le léirmhíniú Airteagal 8.10, Iarscríbhinn 8-A, Airteagal 8.9.1 agus Airteagal 8.39.3 de CETA i gcomhréir le hAirteagal 26.1.5(e) de CETA**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (AE) 2017/37[4] ón gComhairle, déantar foráil maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Chuimsithigh Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile ('an Comhaontú'). Síníodh an Comhaontú an 30 Deireadh Fómhair 2016.

(2) Le Cinneadh (AE) 2017/38[5] ón gComhairle, déantar foráil maidir le codanna den Chomhaontú a chur i bhfeidhm go sealadach. Tá an Comhaontú á chur i bhfeidhm go sealadach ón 21 Meán Fómhair 2017 i leith.

(3) De bhun Airteagal 26.1.5(e) den Chomhaontú, tá de chumhacht ag Comhchoiste CETA cinntí a ghlacadh maidir le léirmhíniú fhorálacha an Chomhaontaithe seo, a bheidh ina gceangal ar bhinsí arna mbunú faoi Roinn F de Chaibidil a hOcht (Díospóidí infheistíochta idir infheisteoirí agus stáit a réiteach) agus Caibidil a Fiche a Naoi (Réiteach Díospóidí).

(4) De bhun Airteagal 26.3.2 den Chomhaontú, beidh na cinntí a dhéanfaidh Comhchoiste CETA ina gceangal ar na Páirtithe, faoi réir aon cheanglas agus nósanna imeachta inmheánacha is gá a thabhairt chun críche, agus cuirfidh na Páirtithe na cinntí sin chun feidhme.

(5) Tá Comhchoiste CETA le cinneadh a ghlacadh, trí nós imeachta i scríbhinn, maidir le léirmhíniú Airteagal 8.10, Iarscríbhinn 8-A, Airteagal 8.9(1) agus Airteagal 8.39(3) de CETA.

---

4 Cinneadh (AE) 2017/37 ón gComhairle an 28 Deireadh Fómhair 2016 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Chuimsithigh Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile (IO L 11, 14.1.2017, lch. 1).

5 Cinneadh (AE) 2017/38 ón gComhairle an 28 Deireadh Fómhair 2016 maidir le cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Chuimsithigh Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt amháin, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile (IO L 11, 14.1.2017, lch. 1080).

(6) Is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhchoiste CETA a bhunú ar bhonn an dréachtchinnidh ó Chomhchoiste CETA atá i gceangal leis seo, ós rud é go soiléiríonn sé na hairteagail thuasluaite,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste CETA a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh maidir le léirmhíniú Airteagal 8.10, Iarscríbhinn 8-A, Airteagal 8.9(1) agus Airteagal 8.39(3) CETA, i gcomhréir le hAirteagal 26.1.5(e) de CETA, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste CETA atá i gceangal leis an gCinneadh seo ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Tar éis a ghlactha, déanfar an Cinneadh a bheidh glactha ag Comhchoiste CETA dá dtagraítear in Airteagal 1 a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*